

# Tidy Towns Competition 2018

## Adjudication Report

|                           |                            |
|---------------------------|----------------------------|
| Centre: <b>An Spideal</b> | Ref: <b>220</b>            |
| County: <b>Galway</b>     | Mark: <b>305</b>           |
| Category: <b>B</b>        | Date(s): <b>19/06/2018</b> |

|                                           | Maximum Mark | Mark Awarded 2017 | Mark Awarded 2018 |
|-------------------------------------------|--------------|-------------------|-------------------|
| Community – Your Planning and Involvement | 60           | 44                | 44                |
| Streetscape & Public Places               | 50           | 40                | 40                |
| Green Spaces and Landscaping              | 50           | 42                | 43                |
| Nature and Biodiversity in your Locality  | 50           | 31                | 31                |
| Sustainability – Doing more with less     | 50           | 13                | 13                |
| Tidiness and Litter Control               | 90           | 59                | 61                |
| Residential Streets & Housing Areas       | 50           | 33                | 33                |
| Approach Roads, Streets & Lanes           | 50           | 38                | 40                |
| <b>TOTAL MARK</b>                         | <b>450</b>   | <b>300</b>        | <b>305</b>        |

### Community – Your Planning and Involvement / An Pobal - Pleanáil agus Rannpháirtíocht:

Cuireann an moltóir seo fáilte roimh An Spidéal chuig Comórtas Na mBailte Slachtmhara SuperValu 2018 agus chuig Ceiliúradh 60 Bliain an Chomórtais. Tá na mílte fáilte romhaibh arís i mbliana agus go n-éirí leis an gcoiste nua. Is breá go bhfuil tacaíocht agaibh ó Phobal an Spidéil agus ach go háirithe ó lucht gnó. Bhí beocht ar an mbaile beag lá na cuairte agus an trácht tríd an baile go leanúnach fhaid 's a bhíomar ag measúnú. Is chuig an Ceardlann a chumar i dtosach agus bhí an éileamh ar ghnó anseo. Tá an suíomh seo feabhsaithe le blianta anuas agus caighdeán den scoth de earraí ar díol. Tá áiseanna pairceana go maith agus iad smachtaithe le héifeacht. Ba mhór an cabhair í na sonraí a cuireadh chugainn chun tuiscint d'fháil ar an obair atá eadar láma agaibh. Is cosúil go bhfuil an fhadhb mhór a bhí agaibh siar i 2014 dearmadta faoi am seo. Is iontach na deisiúcháin a deineadh le cupla bliain anuas.

### Streetscape & Public Places / Sráid-Dreach & Áiteanna Poiblí:

Tá foirgnimh deasa i ngach cuid den bhaile beag agus an-fhorbairt déanta le blianta beaga anuas. Is breá linn na sean foirgnimh dár ndoigh agus bhaineamar an taitneamh as ár gcuairt chuig an seipéal. Tá an scoil ag féachaint go deas agus smacht cliste ar an dtrácht anseo. Bhíomar ag súil le brat glas ach gan é le feiscint fós. Is maith go bhfuil lucht Cónaithe agus Tithíochta ag obair as lámh a chéile mar is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Tugtar aitheantas den obair a deineadh ag an gcabán garda saoil agus iad ag féachaint go deas néata anois. Seo áis don bhaile ar bhonn sabhála. Is trua faoi'n smál a chruthaíonn an sean óstán anseo. An bhfuil aon pleanna chun feabhais? Tá cuma maith ar chaighdeán na gcosán agus deiseann siúlóide tábhachtach do chuariteoirí. Ar an bpríomh sráid tá fadbheanna agaibh le cuid des na crainn. Tá gá le comhairle agus is cóir dul i gcomhairle leis na húdaráis faoi seo. Is beag crainn atá sa príomh sráid áfach agus is cóir go mbeadh smacht maith ortha agus is gá go ndéanfaí bainistíocht chuifí ortha. Tá tithe tréigthe anseo chomh maith agus ar theach timpeall an chúinne ar bhóthar Mhaigh Cuileann. Tá Coláiste Croí Mhuire go deas agus iarracht mhaith anseo ag an dealbh bláthanna fiana a mhéadú. An méid sin ráite tá lár an bhaile go maith tríd is tríd agus lucht gnó agus roinnt siopai traidisiúnta coiméadta go deas. Tá gá le péint úr ag an mbloc leithris.

### Green Spaces and Landscaping / Spásanna Glasa agus Tírdhreachú:

Tá obair mhaith le feiscint sa chatagóir seo agus obair ar ard chaighdeán Thugamar cuairt ar an dá chéibh agus tá smacht an mhaith ortha. Glactar leis gur ábhar mhusaem an sean bhád agus is breá le daoine é d'fheiscint. Ach go háirithe tá éileamh maith ar an dá Chéibh agus ana chuid turasóirí ag baint taitneamh as a gcuairt. Is breá linn an comharaíocht anseo and an léiriú. Ag an Chéibh eile bhí cuairteoirí agus lucht áitiúla ag baint sásamh as an dá shiúlóid. Smacht anseo chomh maith ar bhruscar and áiseanna sásúla ag an gcóras seo, maith sibh.

## **Nature and Biodiversity in your Locality / An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht i do cheantar:**

Ar an gCladach tá deiseanna thar an gná bhur marcanna a ardú sa chatagóir seo. Tá Trá na mBan an-mhealltach agus lárnach den chuid seo den Spidéal. Is maith go bhfuil áit fé leith roghaithe agus cosanta agaibh le haghaidh bithéagsúlachta nádúrtha, comh maith le gnáthóg do flora agus fána. Polasaí maith agaibh anseo an ceantar seo a chosaint le haire. Bhaineamar an taitneamh as bheith ag léamh an cúntas a thug sibh faoi chúrsaí muiríní. Seo míniú den scoth agus tá súil againn go neireoidh libh an bhliain seo chugainn. Is maith go bhfuil súiomh oiriúnach faighte agaibh ón Udarás, maith sibh.

## **Sustainability – Doing more with less / Inmharthanacht - Mórán ar an mbeagán:**

Go raibh maith agaibh don mhíniú a thug sibh ar obair bheartaithe sa chatagóir seo. Tá teagmháil á dhéanamh agaibh le Eir Teo agus le ESB le fada más buan mo chuimhne, agus is minicí gur luadh an fhadhb seo 'sna tuairiscí a cuireadh chugaibh cheana. Bhíomar an sásta leis an Ionad Athchúrsála ag an gCéibh. Bhí siad glan agus faoi smacht. Is maith go bhfuil Scoil Éanna páirteach sa chomórtas bratach glas, tábhacht le seo. Arís i mbliana bhaineamar taitneamh as bheith ag fáil treoir ón ngléas éisteachta ag an gCé.

## **Tidiness and Litter Control / Slachtmhaireacht agus Rialú Bruscair:**

Tá ard mharcanna á fháil agaibh sa chatagóir seo i mbliana. Seo éacht atá déanta agaibh le comhoibriú agus dea iarracht. Dár ndoigh is mór an dúshlán ag baill an choiste bheith in ann na sraideanna agus áiteacha poiblí a choimeád glan agus néata. Ach is maith a léirigh sibh bhur niarrachtaí agus an dea thoil a chruthaigh sibh tré spreagadh, comhoibriú agus mór thacaíocht

## **Residential Streets & Housing Areas / Sráideanna Cónaithe & Ceantair Tithíochta:**

Tá scéim na dtithe go maith tríd is tríd agus ana chuid de ghairdíní iontacha go flúireach sa cheantar. Tá teach agus gairdín ós comhair na leabharlainne a sheasann amach go maorga. Is maith go bhfuil comhoibriú eadar na heastáit éagsúla.

## **Approach Roads, Streets & Lanes / Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí:**

Bhí Cuma agus smacht an mhaith ar na bealaí chun an bhaile. Tá an príomh bhealach isteach ós na Forbacha saor ó bhrúscar, smachtaithe le comharthaíocht maith, soilsí poiblí go deas glan agus éifeachtach agus bínsí geala ag cur fáilte roimh chách. Is mealltach an radharc atá le feiscint ag an Spidéal anois agus áiseanna den scoth do chuairoteoirí agus do lucht áitiúla. á sholárthar. Bhaineamar an sult as ár gcuairt. Tá feabhas tagaithe ar an Spidéal agus coinnigh an teagmháil fiúntach eadar an coiste agus lucht gnó, mar tá an-chreidiúnt ag dul don choiste agus do lucht tacaíochta. Moltar daoibh claoí le bhur bpleanna agus cruthaigh teagmháil maith le na húdaráis uilig. Tá breis marcanna tuitte go maith agaibh. Go n-Éirí libh amach anseo agus bíodh Ceiliúradh deas agaibh. Ádh mór

## **Concluding Remarks:**